

Beartas um Thaispeántais

Tugann Leabharlanna Chontae Fhine Gall fáilte roimh iarratais ó ghrúpaí d'ealaíontóirí agus ó ealaíontóirí aonair taispeántais a thionól sna leabharlanna. Tá fáilte roimh saothair atá déanta in aon mheán déthoiseach. Cuirtear fáilte chomh maith roimh thaispeántais ghinearálta a bhfuil bonn oideachasúil, cultúrtha nó stairiúil acu.

Ceanglais Ghinearálta

Tabhair do d'aire, le do thoil, na nithe seo a leanas:

- Ba cheart gur don leabharlannaí sa leabharlann inar mhian leat taispeántas a chur ar siúl ar cheart duit moltaí a thabhairt ina leith.
- Is de rogha an bhainisteora leabharlainne a nglactar le taispeántais.
- Tá Foirmeacha Iarratais um Thaispeántais ar fáil ag deasc na leabharlainne agus ní mór do na hiarratasóirí iad a líonadh.
- Caithfidh na taispeántais a bheith **oscailte don phobal agus saor in aisce**.
- Is féidir taispeántais a chur ar siúl le linn ghnáthuaireanna oscailte na leabharlainne.
- Ní mór tús áite a thabhairt d'ealaíontóirí/grúpaí atá lonnaithe i ndobharcheantar na leabharlainne, nó atá ag obair ann; tá fáilte roimh ealaíontóirí nach bhfuil lonnaithe ann tairiscintí a chur isteach.
- Cuirfear spás taispeántais ar fáil más rud é go bhfuil sé ar fáil.
- Ba cheart go mbeadh an t-ábhar iontu oiriúnach do leanaí.
- Ní féidir míreanna taispeántais a dhíol sa leabharlann.

Riachtanais do Shuiteáin Taispeántais

- Cuireann Leabharlanna Chontae Fhine Gall boird taispeántais chaighdeánacha ar fáil agus ní féidir ach amháin iad a úsáid.
- Is é an taispeántóir a bhíonn freagrach as na míreanna taispeántais a chur ar crochadh agus a chur suas.
- Is é an taispeántóir a bhíonn freagrach as costais an taispeántais uile.
- Déanfar comhaontas leis an leabharlann maidir le dátaí an taispeántais lena n-áirítear an t-am ag a ndéanfar an suiteáil agus an dí-shuiteáil. Ní mór cloí leis na dátaí beartaithe.
- Ba cheart don taispeántóir liosta de na míreanna a chuirfear ar taispeántas a thabhairt don leabharlann.

Árachas

- Ní thugann Leabharlanna Chontae Fhine Gall clúdach árachais do na taispeántais.
- Is ar gach uile ealaíontóir / ghrúpa a bheidh an fhreagracht a dheimhniú go mbeidh na míreanna sa taispeántas clúdaithe le hárachas.
- Glacfar le réamhchúraim réasúnta chun deimhniú nach ndéanfar dochar do mhíreanna an taispeántais.
- Ní bheidh Leabharlanna Chontae Fhine Gall **freagrach as aon chailiúint nó damáiste a tharlaíonn do mhíreanna taispeántais**.

Seoladh Taispeántais

Más rud é go bhfuil ealaíontóir ag iarraidh seoladh taispeántais foirmeálta a thionól.

- Ba cheart fógra deich lá, ar a laghad, a thabhairt d'fhoireann na leabharlainne.
- Bíonn na taispeántóirí freagrach as an seoladh.
- Ba cheart don taispeántóir costais an tseolta a chlúdach.